

Treoirlínte agus Cur Chuige nua um Chaomhnú Páistí

Seisiún Eolais
do
Phearsanra na Scoile

Bíonn seans maith ag múinteoirí athruithe iompair, easnamh foráis nó comharthaí seachtracha mí-úsáide i bpáistí a thabhairt faoi deara agus a mhonatóiriú. Is iad siúd na príomh airithe taobh amuigh den teaghlach a bhíonn i dteagmháil le páistí i suíomh na scoile’

‘Tús Áite do Leanaí’ 4.8.3

Cad chuige Treoirlínte nua?

Athbhreithniú ar
'Tús Áite do Leanaí'

Tugadh Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas
Leanaí
i mí Iúil 2011

Tá na treoirlínte nua do scoileanna bunaithe ar 'Tús
Áite do Leanaí'

Tús Áite do Leanaí 2011

- Níl aon athrú ar na bunphrionsabail nó ar an tsubstaint sna caipéisí seo.
- Tá athnuachan déanta ar an gcáipéis seo chun polasaí, dlí agus eagrú nua a thaispeáint.
- Tá ‘Lámhleabhar Cleachtaithe’ (Caibidil 3 d’oibrithe sóisialta) ag gabháil leis an gcáipeis le go mbeidh an cleachtadh mar an gcéanna.
- Tá sé beartaithe ag an Aire ‘Tús Áite do Leanaí’ a chur ar bhonn reachtúil le cinntiú go gcloíann gach eagraíocht ag obair le leanaí leis.

‘Tús Áite do Leanaí’

Aidhmeanna agus Prionsabail

Is é bunaidhm na dtreoirlínte seo ná stiúrthóireacht agus treoir a thabhairt do gach duine ag déileáil le líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid páistí.

Is iad na príomhphrionsabail den chleachtas is fearr ná:

- Is é cúram leanaí an rud is tabhachtaí;
- Ba chóir idirghabháil luath a bheith ar fáil;
- Ta ceart éisteachta ag leanaí;
- Ta ceart éisteachta agus urraime ag Tuismitheoirí/Cúramóirí
- Teigh go www.dcyu.ie don doiciméid iomlán.

Treoirlínte agus Cur Chuige Nua na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

- Tá na nósanna Imeachta agus Treoirlínte nua bunaithe ar chur chuige ‘Tús Áite do Leanaí’
- Ní mór polasaí maidir le caomhnú leanaí a bheith ag gach scoil
- Ní mór an clár ‘Bí Sábháilte’ a chur i bhfeidhm i ngach Bunscoil agus OPSS/OCG i ngach Iar-bhunscoil
- Go mbeidh socraithe maoirseachta feabhsaithe d’fhonn a chinntiú go gcuirtear ‘Tús Áite do Leanaí’ i bhfeidhm go seasta agus go leanúnach i ngach scoil.

Riachtanais Maoirseachta Feabhsaithe (1.2)

- Cuirfear cóip de pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí, ina luaitear ainm an 'Duine Idirchaidrimh Ainmnithe [DIA] agus ainm an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe [Leas-DIA], ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí agus do Thuismitheoirí
- Ní mór ainm an DIA a bheith ar taispeáint in ionad feiceálach gar don phríomhbhealach isteach sa scoil
- Ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta, luafar aon chásanna a cuireadh chuig an FSS [HSE] agus cásanna ar lorgadh comhairle on FSS orthu, i dTuairisc an Phríomhoide. Ni thugtar ach uimhir na gcásanna agus déantar iad a thairfeadh sna miontuairiscí

Socraithe maoirseachta feabhsaithe (1.2)

- Ní mór do gach scoil tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil maidir le caomhnú leanaí agus mar atá sé á chur i bhfeidhm sa scoil. Tugtar liosta seiceála le húsáid le linn an athbhreithniú sin in Aguisín 2.
- Ní mór don scoil plean gnímh a chur ar bun chun feabhas a chur ar aon réimse a aithnítear san athbhreithniú.
- Cuirfear fógra go ndearnadh an t-athbhreithniú ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí / na Tuismitheoirí.
- Cuirfear taifead ar fáil, má iarrtar sin, don Roinn agus don Phátrún

Polasaí maidir le Caomhnú Leanaí (1.3)

- Baineann cúrsaí maidir le caomhnú agus leas leanaí le gach gné de shaol na scoile agus ba cheart go mba léir sin i bpolasaithe, i nósanna oibre agus i ngníomhaíochtaí na scoile.
- Ní mór go gcloífidh polasaí, nósanna oibre agus gníomhaíochtaí na scoile leis na prionsabail sin sna Nósanna Imeachta, maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí.

Polasaí maidir le caomhnú leanaí (1.3)

Luafaidh an scoil ina cuid polasaithe, nósanna agus gníomhaíochtaí :

- Glacadh leis gur caomhnú páistí an rud is tabhachtaí
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chuí faoin reachtaíocht
- Gnásanna sábháilte a ghlacadh chun dochar do pháistí a laghdú agus an lucht oibre a chosaint.
- Gnásanna oscailte a chothú le tuismitheoirí
- Meas iomlán a bheith ar riachtanaisí rúndachta.

Polasaí maidir le caomhnú leanaí (1.3)

- Tabharfar liosta sa pholasaí caomhnaithe ar pholasaithe eile, cleachtaithe agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le caomhnú leanaí, mar shampla, Cód Iompair, Polasaí in Aghaidh na Bulaíochta, Maoirseacht ar Dhaltaí agus ar uile.

Féach ar theimpléad in Aguisín 1 (lth. 38)

- Déanfaidh an Bord Bainistíochta glacadh go foirmeálta leis an bpolasaí agus cuirfear cóip den pholasaí ar fáil d'fhoireann na scoile, don Roinn, don Phatrún, do Chumann na dTuismitheoirí agus d'aon thuismitheoir a lorgaíonn é

Gluais Téarmaí - Leanbh

I dtaca leis na nósanna imeachta seo, ciallaíonn ‘leanbh’ duine ar bith faoi ocht mbliana déag d’aois nach bhfuil pósta.

Is é seacht mbliana déag d’aois, an aois toilithe.

I ngach cás ina dtagann scoil ar eolas faoi chomhriachtáin gnéis faoi aois, ba cheart don scoil na bearta cuí a dhéanamh chun tuismitheoirí an linbh a chur ar an eolas.

(2.1.6)

Leanaí lena mbaineann soghontacht bhreise (2.3)

‘Tá leanaí áirithe i mbaol drochúsáide níos mó ná leanaí eile. Ina measc siúd, bheadh leanaí faoi mhíchumas, leanaí atá gan dídean agus leanaí atá, ar chúis amháin nó cúis eile, scartha óna gcuid tuismitheoirí ná ó dhaoine muinteartha eile agus atá ag brath ar dhaoine eile maidir le haire agus caomhnú.’

RÚNDACHT (1.9)

‘Ba chóir gach faisnéis maidir le himní faoi mhí-úsaid á imirt ar pháistí a roinnt leo siúd amháin a bhfuil dualgas orthu an t-eolas a fháil, ar mhaithe leis an bpáiste. Is é an tslat tomhais ná an bhfuil baint nó ról dlisteanach ag an duine maidir le déileáil leis an gceist ’

Ta sé tábhachtach gan gealltanais nach féidir a chomhlíonadh a thabhairt don pháiste m.sh. Ag gealladh gan an scéal a insint d’éinne eile, má tá an páiste i gcontúirt .

Cosaint Dleathúil (1.31)

- Tugann an t-Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistí(1998) díolúine ó dhliteanas sibhialta d'éinne a thugann tuairisc faoi mhí-úsáid páistí “go réasúnta agus le hintinn mhaith”, d'oifigigh ainmnithe i mboird sláinte nó d'aon bhall den Gharda Síochána.
- Baineann sé seo le tuairiscí a dhéantar chuig na Gardaí/ FSS
- Cosnaíonn Pribhléid Cháilithe, mar shampla, le ball foirne a dhéanann tuarascáil leis an DIA, a fhad is go bhfuil siad ag gníomhú ar mhaithe le leas an linbh, nuair a dhéanann siad é.

Saoráil Faisnéise

D'fhéadfadh aon tuairisc a thabharfaí don FSS teacht faoi réir fhorálacha an Acht um Shaoráil Faisnéise. Cuireann seo ar chumas baill den phobal teacht a bheith acu ar eolas pearsanta a bhaineann leo atá i seilbh comhlachtaí poiblí.

Tugtar de cheart faoi na hAchtanna do gach duine aonair a chruthú go bhfuil sonraí pearsanta ann, teacht a bheith acu ar aon sonraí den sórt sin a bhaineann leo féin, agus a chinntiú go ndéantar aon sonraí míchruinne a cheartú nó a scriosadh.

Drochúsáid Linbh arna Rangú ina Chatagóirí (Caibidil 2)

Ba cheart do gach duine den lucht foirne scoile a bheith eolach ar chomharthaí agus ar chineálacha iompair, a bhféadfadh taispeáint gur comharthaí iad ar dhrochúsáid linbh.

Tá ceithre chineál éagsúil droch-úsáid linbh:

- Faillí
- Drochúsáid mothúchán
- Drochúsáid chorpartha
- Drochúsáid gnéis

(Tabhair bileoga lgh. 41-48)

Freagrachtaí Phearsana Uile na Scoile

- Caithfear freagra a thabhairt ar aon ábhar imní nó amhras réasúnach maidir le drochúsaid nó faillí.’
(3.4.4)
 - ‘Má fhaigheann fostaí scoile líomhain nó má tá amhras air/uirthi faoi dhaltaí, ba chóir don fhostaí scoile, sa chéad áit, tuairisc a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe/DIA sa scoil sin. Ba chóir don DIA an cuntas scríofa den tuairisc a choinneáil in ionad slán’ (4.1)
 - ‘Tá sé de dhualgas ar scoileanna féachaint leis an gcaighdeán cúram is airde is féidir a sholáthar do na daltaí, d’fhonn a bhfolláine a chothú agus iad a chosaint ar dhíobháil’
(3.1.1)

Leanaí a chur i mBaol go Meargánta (Acht um Cheartas Coiriúil 2006)

Aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta -

- a) Trína chur faoi deara, nó trína cheadú aon duine a fhágail i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé/sí chun bheith ina íospartach/nó ina híospartach díobhala tromchúisí nó droch-úsáide gnéasaí nó'
- b) 'Trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige/aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin

Tá sé /sí ciontach i gcoir (3.4.5)

Deileáil le heolas a nochtann páistí

‘Is é is dóichí go mbeadh leanbh ar tugadh droch-úsaid air faoi strus géar mothúchán agus tharlódh gur ball foirne an t-aon duine fásta a mbeadh an leanbh sásta iontaoibh a chur ann. Déanfar cúram faoi leith gan aon dochar de chineál ar bith a dhéanamh don iontaibh sin’ (3.5.1)

Beidh ar an mball foirne an páiste a chur ar a s[h]uaimhneas agus a m[h]uinín a choinneáil, ag míniú don pháiste go gcaithfidh sé an t-eolas a roinnt le daoine fásta eile.

(Bileoga Igh. 20-21 a roinnt)

Coinneáil Taifid

‘Nuair a bhíonn amhras ann faoi mhí-úsáid páistí, bíonn taifead den eolas go léir atá ar fáil, riachtanach. Ba chóir don bhall foirne pé ní atá tugtha faoi deara agus cathain a tugadh faoi deara é, a nótaíl go cúramach (3.6)

Ba chóir comharthaí gortaithe fhisiciúil a sceitseáil.

Ba cheart úsáid a bhaint as focail an linbh féin chomh luath agus is féidir .

Tugtar an taifead sínithe, le dáta don DIA chun é a choimeád slán. (3.6)

Ról an DIA (Caibidil 3 & 4)

- Táthar ag súil gurb é/í an Príomhoide an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe [DIA] de ghnáth agus an Leas phríomh-oide ina Leas-DIA.
- Feidhmeoidh an DIA mar dhuine caidrimh le gníomhaireachtaí seachtracha agus mar fhóinse acmhainní ag aon duine de lucht foirne na scoile a bhfuil ceist acu nó atá buartha faoi chaomhnú leanaí.
- Is é an DIA an té atá ainmnithe ag an scoil mar dhuine idirchaidrimh na scoile maidir le déileáil le FSS/HSE, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile, i dtaca le liomhaintí nó ábhar imní faoi dhroch-úsáid leanaí.

Ról an DIA – Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

- Tugann an DIA tuairisc ar thaifead chaomhnú leanaí ag gach cruinniú an Bhoird, gan aon sonraí aitheanta a thabhairt.
- Sa chás go bhfuil ábhar buartha ann faoi leanbh, iarrfaidh an DIA comhairle, faoi rún, ón Sheirbhís Leanaí agus FSS . Beidh an DIA lán soiléir gur ag iarraidh comhairle atáthar.
- Má tá an DIA sásta gur cheart tuairisc a thabhairt, tabharfaidh sé/ sí tuairisc de réir na comhairle sin, laithreach, don FSS.

Ról an DIA

- I gcás éigeandála, nó sa chás nach bhfuil duine d'fhoireann FSS ar fáil, tugtar an tuairisc don Gharda Síochana
- Má dhéanann an DIA cinniúnt gan an t-imní nó ábhar buartha an bhall foirne a chur chuig an FSS, ba cheart go dtabharfar ráiteis soiléir scríofa don bhall sin cad chuige.
- Is féidir leis an mball foirne iad féin dul i dteagmháil leis an FSS má tá siad imníoch go fóill.

Líomhaintí i gcoinne Fostaithe Scoile (Caibidil 5)

- ‘Caithfear deileáil go cóir leis an bhfostaí, agus an ceart nach dtabharfar breith ar an bhfóstaí sula ndéantar fiosrúchan cóir cuimsitheach’
- Ba chóir a choinneáil i gcuimhne ag gach tráth gurb é an rud is tabhachtaí i gcónaí a chinntiú nach gcuirtear leanbh ar bith i mbaol nach gá. Ba cheart na bearta bheith i gcomhréir le leibheál an bhaoil

Líomhaintí i gcoinne Fostaithe Scoile

Má dhéantar Líomhaintí i gcoinne Fostaithe Scoile, tá dhá ghnás oibre le leanuint:

- a) Gnás oibre maidir leis an modh ina dtugtar tuairisc faoin líomhain nó faoin ábhar amhrais faoin dhrochúsáid nó fáillí. Is ar an DIA tuairisc faoin scéal a thabhairt. [Caibidil 4]

- a) Gnás oibre maidir leis an modh ina ndéileáiltear leis an bhfostaí. Is ar an bhfostóir a leagtar an fhreagracht maidir le plé le ceist na fostaíochta.

Líomhaintí nó ábhar amhrais maidir le Fostaithe de chuid na scoile

- Ba cheart an t-eolas uile maidir leis an líomhain nó ábhar amhrais a thabhairt don fhostaí – ar tugadh tuairisc don FSS? Aon rud scríofa?
- Tá d'údarás ag príomhoide na scoile [de réir Aguisín 6] ordú d'fhostaí imeacht díreach ón scoil go dtí go mbíonn an cheist measta ag an bhfostóir.

Eolas breise ar Treoirlínte agus Cur Chuige

- **Caibidil 6** Drochíde ó Chomhaoiseach agus Cúrsaí Bulaíochta
- **Aguisín 1** Teimpléad de Pholasaí
- **Aguisín 2** Liosta Seiceála
- **Aguisín 3** Comharthaí agus airíonna drochúsaide leanaí
- **Aguisín 4** Foirm Thuairiscíochta Chaighdeánach
- **Aguisín 6** Prótacal lena dtugtar údarás le beart láithreach